V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10869 – P2X EUROPE / NVG / P2X PORTUGAL JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 351/02)

1. An 5 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— P2X Europe GmbH & Co. KG ("P2X Europe", an Ghearmáin), atá á rialú ag Mabanaft GmbH & Co. KG (an Ghearmáin), fochuideachta de Marquard & Bahls Group AG (an Ghearmáin), agus H &R GmbH & Co. KGaA (an Ghearmáin),

— The Navigator Company, S.A. ("NVG", an Phortaingéil), faoi rialú deiridh Sodim, SGPS, S.A., an Phortaingéil ("Sodim"),

— P2X Portugal, Unipessoal Lda. ("P2X Portugal", Portugal).

Gheobhaidh P2X Europe agus NVG rialú comhpháirteach ar P2X Portugal de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Forbraíonn P2X Eoraip tionscadail tráchtála agus cuireann sé chun feidhme iad chun táirgí Power-to-X a tháirgeadh. Tá P2X Europe gníomhach freisin ar an leibhéal mórdhíola, ag díol agus ag ceannach Táirgí Power-to-X,

— Is comhlacht Portaingéalach é NVG atá gníomhach i réimse an laín agus an pháipéir.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ar bun ag P2X Portugal: (i) tionscadal power-to-liquid [cumhacht-go-leacht] atá comhtháite go hingearach ar scála tionsclaíoch a fhorbairt, a thógáil, a oibriú, a chothabháil agus a mhaoiniú, agus (ii) táirgí power-to-liquid [cumhacht go leacht] a thráchtálú agus a mhargú, amhail táirgí idirmheánacha sintéiseacha (e.g. syncrude agus céaracha) agus díorthaigh ghlan-nialasacha shintéiseacha (e.g. e-ceirisín).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10869 – P2X EUROPE / NVG / P2X PORTUGAL JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.